

**Athrú do**  
**Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024**  
**(Arna Leasú)**  
**maidir leis an**  
**Chreat Beartais Fuinnimh Gaoithe**  
**(Athrú Uimh. 2)**



**Comhairle Contae**  
**Dhún na nGall**  
Donegal County Council

**Seirbhísí Pobail Forbartha agus Pleanála,**  
**18 Iúil 2022**



# Míniú ar Ábhar an Athraithe

- Tá idir athruithe téacsúla agus athruithe mapála i gceist san athrú.
- Tá 19 uimh. **athruithe téacsúla** agus tá siad seo leagtha amach i Roinn 1.0: Athruithe Téacsúla.
- Tá 1 uimh. **athrú a mhapáil** agus tá sé seo leagtha amach i Roinn 2.0: Athrú Mapála.

## 1.0 Athruithe Téacsúla

### Nóta maidir le Téacs an Athraithe

Sa tábla thíos léiríonn an colún '**Athrú**' (a bhfuil scáthú liath ann) téacs an athraithe. Maidir leis na hathruithe sin:

- Dath **dearg** atá ar théacs nua atá le cur isteach
- Beidh **líne-tríd** an téacs reatha atá le cealú agus dath **gorm** air
- Tá **líne-tríd** an téacs, agus dath **oráiste** air, atá fágtha ar lár cheana i ngeall ar Ordú Ard-Chúirte a rinneadh ar an 5ú lá de Shamhain, 2018
- Téacs reatha atá le fanacht sa phlean forbartha beidh dath dubh air.

Is ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin na colúin eile agus ní cuid den Athrú iad.

## Tábla 1: Athruithe Téacsúla agus Tagairtí Gaolmhara

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
1	Cuid A Roinn 2A.1 Lch 10 (deireadh an 3ú paragraf)	Téacs le leasú	Tá an cur chuige seo ar aon dul leis an chláir oibre náisiúnta ar athrú aeráide agus dícharbónú atá mar bhonn agus taca ag Alt 10(2)(n) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (Mar a Leasaíodh) agus a chuirtear in iúl in: <i>(i.) Páipéar Bán an Rialtais ar Bheartas Fuinnimh; agus (ii.) an Plean Náisiúnta Maolúcháin. Leagtar amach i bPáipéar Bán an Rialtais ar Bheartas Fuinnimh – Éire Dul i dTreó Fuinnimh Ísealcharbóin (RCCAC) treoir polasaí agus na bearta a bhfuil rún acu a dhéanamh san earnáil fuinnimh a fhad le 2030, ag cur san áireamh Tionscadal Éireann 2040, Plean Forbartha Náisiúnta; Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin; Plean Gnímh don Aeráid 2021; an Plean Fuinnimh agus Gníomhaithe Aeráide (NECP) 2021-2030; agus an Creat Oiriúnúcháin Náisiúnta 2018 lena chinntiú go n-aistreofar go sochaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de</i> ag cur san áireamh cuspóirí agus comhaontuithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta ar athrú aeráide, le cois thosaíochtaí sóisialta, eacnamaíochta agus fostaíochta na hÉireann.
2	Cuid A Roinn 2 Aguisín 2	Ráiteas reatha a scrios maidir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 i dtaca le Roinn 28 Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe	<i>Ullmhaíodh Roinn 8.2 (Fuinneamh) agus Léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) agus aird ar Threoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe (2006), agus ar Treoirlínte Eatramhacha d'Údarás Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide, (2017). Déantar foráil leis an Phlean maidir le (i) ceantair 'Ar Fáil lena mBreithniú', (ii) ceantair a aithníodh mar 'Gan a Bheith Inghlaetha' agus (iii) ceantair a aithníodh mar 'Inghlaetha d'Fheabhsúcháin ar Fheirmeacha Gaoithe atá ann Cheana' a aimsiú. Tháinig aithint na gceantar sin i ndiaidh modheolaíocht ar bhonn fianaise faoi stiúir an chuir chuige atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe. Soláthraíonn Caibidil 8 mar aon le cuspóirí agus beartais Chaibidil 7 (An Oidhreacht Nádúrtha agus Fhoirgnithe) creat cuí chun an breithniú mionsonraithe ar thograí fuinnimh ghaoithe a threorú agus ullmhaíodh sin agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte.</i>  <i>Mar sin féin, tá an tÚdarás Pleanála den tuairim nach bhfuil Alt 5.0 de na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe curtha i bhfeidhm maidir le 'fad ó na tuirbíní is gaire d'aon mhaoín íogair torainn' ar an chúis seo a leanas. De bhri go bhforáiltear sna Treoirlínte: 'Go ginearálta, ní dócha go mbeidh an torann ina fhadhb shuntasach más amhlaidh go bhfuil an fad ón tuirbín is gaire d'aon mhaoín íogair torainn níos mó ná 500 méadar', leagtar síos sa Phlean go dteastaíonn fad íosta deich n-oiread ón phointe is airde ( mar gheall ar chúisceanna torainn), rud a fhágfaidh go mbeidh spás</i>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>i bhfad níos mó ná an t-achar treorach 500m, ag féachaint ghnáthchaighdeán airde na dtuirbíní nua-aimseartha.</p> <p>D'aontaigh an Chomhairle an beartas seo de bharr a himscrúdú ar thuarascáil neamh-Fheidhmeanach a cuireadh faoi bhráid na Comhairle inar tugadh réasúnaíocht le glacadh le beartas den sórt sin, agus a raibh réasúnaíocht tagairtí san áireamh sa réasúnaíocht sin do staidéir eolaíocha ar thorainn agus cás dlí maidir le suaitheadh torann ó thuirbíní gaoithe.</p> <p>Chinn an tuarascáil:</p> <p>'D'fhonn conláiste cónaithe a chosaint de réir na fianaise atá ag teacht chun cinn agus a thaispeántar thuas, tá sé ciallmhar prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm go dtí go bhféadfar éifeachtaí diobhálacha a lascainiú go heolaíoch de réir an chás dlí dá dtagraítear dó sa chás breithiúnais CJEU le déanaí C # 142/16. Chomh maith leis sin ó glacadh leis an CDP atá ann faoi láthair bhí teagmhais sceitheadh lann (An Charcair Mhór) againn, titim tuirbíní (Loch Dhoire Dubh agus Screagach); tine (An Cheapach Bheag), a sholáthródh athshocrú an tuirbín maolán sábháilteachta leordhóthanach. [1]'</p> <p>Rinne an Plean seo an t-athshocrú comhréireach agus forálacha eile Athrú Uimh. 2 ón Phlean roimhe seo agus cé go gcomhlíontar na forálacha beartais atá i gCaibidil 1.2 de Threoirlínte 2006 mar a léirítear sa tuarascáil a fhorghuainigh an Chomhairle an 2ú Bealtaine 2017 dar teideal 'Aighneacht maidir le doiciméad leasaithe' ROGHA 3 Athbhreithnithe' ar Dhréacht Phlean Forbartha an Chontae 2018-2024 ', Aithníonn an tuarascáil seo na sainchuinsí timpeallachta agus spásúla a bhaineann le limistéar feidhmiúil an Phlean agus cé nach ndéanann an treoir in alt 5.0 a chóipeáil go sclábhánta tá an plean ag teacht agus ailínithe le cuspóirí na treoirlíne seo, trí mhaolú ar na himpleachtaí timpeallachta faoi na ceannteidil a d'aithin sé, de réir mar is cuí do Dhún na nGall.</p> <p>Maidir leis na Treoirlínte Eatramhacha um Pleanáil thuasluaite d'Údaráis ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide (Iúil 2017), áirítear leis na Treoirlínte seo foráil ag mír 4 (3) go bhfuil aon togra chun achar nó achair athshocrú do thuirbíní gaoithe a thabhairt isteach nó a athrú ó úsáidí talún sonraithe nó le haicmí úsáide talún laistigh den Phlean Forbartha faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus go ndéanfaí breithniú ábhartha ar na moltaí sin sa Mheasúnacht Straitéiseach an ndéanfaidh an t-athshocrú nó srian suntasach ar thionscail fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear feirmeacha</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>gaoithe. Leagtar amach freisin sna Treoirlínte go mbeadh gá le haon togra chun achar athshocrú den sórt sin a thabhairt isteach nó a athrú chun comhlíonadh le mír 4 (2) a léiriú a éilíonn léiriú ar conas a chuirfidh cur i bhfeidhm an phlean thar an tréimhse éifeachtach le spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus athrú aeráide, agus go háirithe le táirgeadh fuinnimh gaoithe agus acmhainn féideartha (MW).</p> <p>Ag eascairt as na ceanglais seo, rinne an Chomhairle Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, agus Measúnú Cuí ar éifeachtaí na bhforálacha ábhartha sa Phlean, eadhon Alt 6.5 (f) d'Alt 6: Caighdeáin Theicniúla Fuinneamh Gaoithe, Aguisín 3, Cuid B den Plean. Áiríodh leis seo ullmhú Tuairisc Thimpeallachta agus Tuairisc Tionchar Natura ar an tsaincheist seo. Chinn an Chomhairle mar seo a leanas.</p> <p>Go mbeidh coimhlint ionchasach i gceist le Roinn 6.5 (f) maidir le stádas na SEOnna AC1, AC2 agus AC3 mar go gcuireann sé teorannú beag ar an mhéid a chuireann sé le tionscadail um mhaolú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite mar a leagtar amach sa tuarascáil seo. Taispeántar gur dócha go ndéanfaidh an éifeacht seo i gcomhar leis na héifeachtaí carnacha, maolú go pointe inghlactha mar gheall ar chumas fhoriomlán an phlean cur le haon spriocanna réasúnta beartais náisiúnta a léirítear sa Tuarascáil Chomhshaoil seo.</p> <p>Dá bhrí sin, baineann na pointí seo a leanas leis an phlean, lena n-áirítear mír 6.5 (f):</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) Dá bharr sin, ní laghdódh sé sin go suntasach an tacaíocht fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na Comhairlí maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC1) agus;</li> <li>(ii) Ní chuirfeadh sé laghdú suntasach ar rannchuidiú féideartha na Comhairle maidir le laghdú ar gach cineál truailliú aeir, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC2) agus;</li> <li>(iii) Ní chuirfeadh sé laghdú suntasach ar thacaíocht agus cur chun cinn féideartha na Comhairle maidir le hathrú ó fhuinneamh atá ag brath ar bhreosla iontaise go fuinneamh níos inbhuanaithe, ar bhealach gur dócha go dtarlódh aighneas nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (SEO: AC3) agus;</li> </ul>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú				
			<p>(iv) Ceadaíonn sé don phlean a léiriú conas a chuirfeadh an phlean le linn a shaoil leis na spriocanna a leagadh amach i mír 4 (2) de na treoirlínte eatramhacha a bhaint amach, agus;</p> <p>(v) A léirigh (cé go bhfuil an t-achar athshocraithe comhréireach dá dtagraítear in Alt 6.5 (f) sa phlean forbartha atá ann cheana féin agus nach n-athróidh an dréachtphlean é) comhlíonadh mionsonraithe le mír 4 (2) de na treoirlínte eatramhacha i dTogra Comhairle Contae Dhún na nGall chun achar nó achair athshocraithe éigeantacha do thuirbiní gaoithe a thabhairt isteach nó a athrú ó úsáidí talún sonraithe nó le haicmí úsáide talún ina bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil.</p> <p>(vi) Bhí ceanglais measúnaithe timpeallachta faoi réir Threoracha an MST agus na nGnáthóg.</p> <p>(vii) Rinneadh machnamh ábhartha ar na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le factóirí aeráide, chomh maith le factóirí eile amhail tírdhreach agus aer, i MST a d'féadfadh teorainn nó srian suntasach a chruthú do thionscadail athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear turbiní gaoithe, laistigh de cheantar riaracháin an phlean.</p>				
3	Cuid A Roinn 2 Aguisín 2	Ráiteas nua Roinn 28 a chur isteach maidir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 i dtaca le Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe	<p>Ullmhaíodh an beartas fuinnimh gaoithe sa Phlean i bhfianaise: 'Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe, (2006)'; 'Nóta Eolais: Athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe 2006 – Dréacht-Chur Chuige Roghnach' (Meitheamh, 2017)'; 'Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála faoi Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-Athnuaite agus Athrú Aeráide (Iúil 2017)'; 'Dréacht-Treoirlínte Leasaithe maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe (Nollaig, 2019)'. Tharla gur beag idir ábhar na dTreoirlínte Dréachtacha agus na Treoirlínte roimhe seo maidir le fad leagan siar agus modheolaíocht réitithe léarscáileanna, tugann an méid seo thíos faoin aillíniú leis na Dreacht-Treoirlínte, agus go háirithe maidir le riachtanas sainbheartais pleanála (SPPR), a bhfuil dhá cheann ann.</p> <table border="1"> <tr> <td>Rannóg Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe</td> <td>Ráiteas maidir leis an Athrú ar Fuinneamh Gaoithe</td> </tr> <tr> <td> <p><u>SPPR 1</u></p> <p>1) A chinntiú go n-aithnítear agus go mbreacfar isteach beartas náisiúnta iomlán maidir leis an fhuinneamh</p> </td> <td> <p>1) Tá beartas náisiúnta agus Eorpach maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite luaite agus breactha i Mír</p> </td> </tr> </table>	Rannóg Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe	Ráiteas maidir leis an Athrú ar Fuinneamh Gaoithe	<p><u>SPPR 1</u></p> <p>1) A chinntiú go n-aithnítear agus go mbreacfar isteach beartas náisiúnta iomlán maidir leis an fhuinneamh</p>	<p>1) Tá beartas náisiúnta agus Eorpach maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite luaite agus breactha i Mír</p>
Rannóg Treoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe	Ráiteas maidir leis an Athrú ar Fuinneamh Gaoithe						
<p><u>SPPR 1</u></p> <p>1) A chinntiú go n-aithnítear agus go mbreacfar isteach beartas náisiúnta iomlán maidir leis an fhuinneamh</p>	<p>1) Tá beartas náisiúnta agus Eorpach maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite luaite agus breactha i Mír</p>						

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p data-bbox="947 272 1367 488">in-athnuaite, i gcáipéisí ar nós 'Plean Fuinnimh agus Athraithe Aeráide Náisiúnta 2021-2030' agus 'Plean Gnímh don Aeráid 2019' an Rialtais, sa phlean forbartha nó sa phlean ceantair áitiúil a bhaineann le hábhar;</p> <p data-bbox="911 911 1367 1414">2) A thabhairt le fios cad é mar a chuirfidh feidhmiú an phlean forbartha ábhartha nó an phlean ceantair áitiúil le linn a thréimhse le forchuspóirí náisiúnta a bhaint amach maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite agus an mhaolúcháin athraithe aeráide, agus go háirithe táirgeadh an fuinnimh gaoithe agus an fhoinsé acmhainneach fuinnimh gaoithe (ina meigeavataí), an cur chuige 'criatharmhapála' san áireamh a aithnítear sa tábla (tábla 1 sna Treoirlínte) thíos, go háirithe an méid a d'fhéadfadh teacht ó na ceantair a aithníodh mar 'Inghlactha</p> <p data-bbox="1451 272 1871 358">Leasaithe 4. Tagraíonn Mír Leasaithe 4 go sonrach dóibh seo a leanas</p> <ul data-bbox="1415 402 1871 873" style="list-style-type: none"> <li>• An Plean Gnímh Aeráide 2021 – An Todhchaí a Shlánú</li> <li>• Acht um Ghníomhú Aeráide agus Ísealcharbón (Leasú) 2021</li> <li>• Plean Fuinnimh agus Aeráide Náisiúnta</li> <li>• Creat Náisiúnta Oiriúnúcháin</li> <li>• Dún na nGall Réidh don Aeráid 2019</li> <li>• Dréacht-Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe 2019</li> <li>• Tionscadal Éireann 2040 Ár bPlean: An Creat Pleanála Náisiúnta agus an Creat Forbartha Náisiúnta 2018-2027</li> </ul> <p data-bbox="1415 911 1871 1414">2) Sa chás nach bhfuil treoir mhionsonraithe theicniúil ann, ní féidir a áireamh le cinnteacht ar bith faon chruinneas, ar chúiseanna iomadúla a leagtar amach thíos. Tugann an t-eolas sna cúiseanna sin forléargas leathan ar acmhainn fuinnimh gaoithe sa Chontae. I dtaca le cuid mhór den Chontae, níl toirmeasc ar fheirmeacha gaoithe a fhorbairt (féach na limistéir ainmnithe 'Inghlactha i bPrionsabal' agus 'Ar fáil le haghaidh Breithnithe' ar Léarscáil 8.2.1). Mar sin féin, dá mbeadh airde 150m i gceist, bheadh deacracht le cuid</p>



Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú	
			<p>i bPrionsabal' agus 'Ar fáil le haghaidh Breithnithe'; agus</p> <p>3) A léiriú gur comhlíonadh rannóg 3.4 de na Treoirí seo (leagann rannóg 3.4 amach na beartais agus na cuspóirí a bhaineann leis an fhuinneamh gaoithe ba chóir a chur san áireamh sa phlean forbartha).</p>	<p>mhór den cheantar seo i ngeall ar chónaí sna hachair éagsúla agus an riachtanas 10 n-oiread airde mar fhad siar, ó thaobh an radhairc de, agus cúinsí scáile agus torainn atá sa bheartas faoi leagan siar. Ba chóir a thabhairt d'aire, mar sin féin, gur féidir imeacht ó na gnéithe beartais seo sa chás go bhfuil toil i scríbhinn faighte ó úinéirí. Ó 2020 bhí 301 tuirbín ar obair i nDún na nGall agus ní féidir a thuar cá mhéad díobh seo a athchuirfear agus cad é an acmhainn ghiniúna a bheidh ag na tuirbíní a chuirfear ina n-áit. Is fiú a lua freisin gur bhuail an fhoireann Pleanála le hÚdarás um Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) maidir leis an cheist seo agus moladh gur deacair an t-aschur fuinnimh féideartha a mheas toisc go bhfuil síorfhorbairt ag teacht ar an teicneolaíocht.</p> <p>3) Pléann na pointí a leanas comhlíonadh Rannóg 3.4 de na Treoirí seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá ráiteas dearfach tacúil faoi thábhacht an fuinnimh gaoithe mar fhoinse in-athnuaite ar fáil i Leasú 4.</li> <li>• Tá cuspóir nua ann, E-O-7, san áireamh mar Leasú 7 agus leagtar amach ann an cuspóir dá ndéantar tagairt.</li> </ul>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<ul style="list-style-type: none"> <li data-bbox="1417 272 1875 812">• Déanann Léarscáil 8.2.1 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe' ainmniú ar limistéir 'Inghlactha i bPrionsabal', 'Ar fáil le hAghaidh Breithnithe' agus 'Ní cheadaítear de ghnáth'. Bhí mar bhunús don léarscáil an mhodheolaíocht atá leagtha amach i Rannóg 3.6 de na Dréacht-Threoirlínte. Rinne baill cúig leasú, le rún, ar an léarscáil mholta a chuir an Feidhmeannas isteach: Is amhlaidh a d'athraigh gach leasú de na cúig cinn limistéir ó 'Ar Fáil le Breithniú go 'Ní Bheadh Cead de Ghnáth'. Rinneadh dhá cheann de na hathruithe ag Ollchruinniú na Comhairle i mí na Samhna, 2021:</li> <li data-bbox="1417 865 1875 1019">(1) <i>'Limistéir i gCeantar Bardais Leifir-Shrath an Urláir atá i mBaol Sciorradh Talún agus Údair Imní bhainteacha timpeallachta agus Éiceolaíochta'</i>;</li> <li data-bbox="1417 1044 1875 1360">Rinneadh an leasú i ngeall ar an mhaidhm thalún a tharla ag ionad na feirme gaoithe ag an Mhín Bhog (rud a thug Baill faoi deara a raibh rabhadh faoi ó Innealtóir iomráiteach Sibhialta agus Struchtúrtha in aighneacht a rinneadh don iarratas pleanála ábhartha) agus i ndáil leis na nithe a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li data-bbox="1451 1369 1841 1422">o tá ceantair ann a aithnítear mar cheantair leochaileacha</li> </ul> </li> </ul>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>'Measartha Ard' agus 'Measartha Íseal' maidir le maidhm thalún; agus</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>o leochaileachtaí éiceolaíochta agus timpeallachta an cheantair, lena n-áirítear taiscumar soláthair uisce poiblí Loch Moirne, agus fo-aibhneacha bainteacha agus soláthair faoi uisce, agus an riachtanas a thagann leis sin cosaint a dhéanamh ar an dobharcheantar trí chur chuige cúramach a ghlacadh sa cheantar sainiúil seo.</li> </ul> <p>(2) Gach uile limistéar ina bhfuil Leochaileacht 'Measartha Ard' agus 'Measartha Íseal' ó thaobh sciarradh talún de. Rinneadh an leasú seo i ngeall ar na húdair inmí chéanna atá leagtha amach ag Pointe 1 thuas.</p> <p>Ag Lán-Chruinniú na Comhairle Eanáir 2022 (a cuireadh siar chuig an 21 Feabhra 2022) moladh ceithre leasú eile. Deimhníodh na leasuithe seo ag an Lán-Chruinniú ar an 6 Aibreán, 2022.</p> <p>(3) Gleann Abhainn Ghaoth Beara Cé go bhfuil cuid mhór den ghleann seo san áireamh cheana sa limistéar 'Ní bheadh cead de ghnáth', déanann an moladh seo daingniú ar an ainmniú seo don</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>cheantar seo i bhfianaise go bhfuil sé mar nasc idir dhá EHSA Abhainn Ghaoth Beara agus Loch Finne. Sa cheantar atá mapáilte tá radharc iontach ar an dá EHSA, Abhainn Ghaoth Beara agus Loch Finne. I bhfianaise na sócmhainní móra timpeallachta atá san áit – Portach an Mhín Mhóir Thoir; Portach na Cúlbhá; foraoiseacht aibí an-fhorleathan, ionad cóireála uisce Leitir Mhic a' Bhaird; tá d'acmhainn ag an cheantar seo bheith chun tosaigh san iarracht maidir le fritháireamh a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin, chomh maith lena ghairne atá sé d'iascach bradán de na hiascaigh is fearr atá in Éirinn.</p> <p>(4) Rinn Theach Eoin</p> <p>(5) Dobharcheantar Diúilicíní Fionnuisce  Luaigh an EPA san aighneacht aige don ghníomh scóipe don Tuarascáil Timpeallachta SEA gur chóir cosaint faoi leith a thabhairt, nuair a bheifear ag cur an athraithe molta i bhfeidhm, do na limistéir faoi chosaint na Creat-Treorach Uisce (aibhneacha bradán, aibhneacha atá íogair ó thaobh cothaitheach de, aibhneacha diúilicíní fionnuisce srl) agus do bharlaigh ardstádais. I</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p data-bbox="1467 272 1881 557">bhfianaise na haighneachta seo, tá na cúig ghleann aibhneacha ina bhfuil Abhantrachtaí na nDiúilicíní Fionnuisce curtha san áireamh sa limistéar 'nach iondúil é a bheith ceadaithe' sa dóigh go mbeidh an leibhéal cosanta is airde acu, rud a fhreagraíonn don aighneacht ón EPA agus a dhaingníonn í.</p> <p data-bbox="1417 591 1881 846">(6) Iomlán an Limistéir Speisialta Sárscéimhe (de réir Léarscáil 6.1.1) Tabhair faoi deara anseo go raibh iomlán an limistéir atá ainmnithe mar Limistéar Speisialta Sárscéimhe curtha san áireamh cheana féin laistigh den limistéar a bhí ainmnithe mar 'Ní go hiondúil'.</p> <p data-bbox="1430 880 1881 1003">Ba chóir a thabhairt d'aire chomh maith go bhfuil na hathruithe mapála seo léirithe sna hathruithe ar Pholasáí E-P-23 (Mír Leasaithe Uimh. 13).</p> <ul data-bbox="1417 1040 1881 1421" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="1417 1040 1881 1421">• Is Cuspóir é (E-O-5) i Roinn 8.2.2 de Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall (go mbeidh forbraíochtaí fuinnimh gaoithe ag teacht leis na ceangaltais agus na caighdeáin atá leagtha amach i dTreoirínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe DEHLG...). Leagtar amach go mion i gCaibidil 6 sna Treoirínte an méid nach mór do lucht Bainistíochta a bhreithniú bunaithe ar chritéir suite agus deartha is gá a chomhlíonadh</li> </ul>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>de réir chuspóir E-O-5 sa Phlean reatha.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tá beartais faoi leith taobh istigh de Phlean Forbartha reatha Chontae Dhún na nGall maidir le feirmeacha gaoithe beaga pobail, agus tabharfar aird ar an cheist seo le linn an athbhreithnithe atá romhainn amach ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall.</li> </ul> <p><u>SPPR2</u> Cé is moite de na hiarratais inar thoiligh úinéir(i) maidir le riachtanais leagan siar mar atá breactha ag 6.18.2 thíos, cinnteoidh an Bord Pleanála (nuair is ábhartha) agus na húdaráis phleanála, agus iad ag tabhairt faoina gcúram pleanála agus bainistithe pleanála, go gcuirfear i bhfeidhm fad siar atá 4 oiread airde an tuirbín gaoithe áirithe, chun críche an radhairc, idir an tuirbín gaoithe agus an chuid is gaire d'aon chúirtealaiste ar aon áitreabh cónaí thart timpeall ar an fhorbairt mholta, faoi réir ag fad éigeantach 500m ón áitreabh cónaí sin. Tá discríd áirithe i bhfeidhm agus comhaontú á dhéanamh faoi fhad beag scartha i gcás forbairtí fuinnimh gaoithe ar scála beag nach ngineann fuinneamh ach le haghaidh a úsáid ar an suíomh féin. Ní chuirfidh an t-údarás pleanála ná An Bord Pleanála (sa chás go mbaineann le hábhar) aon fhad leagan siar i</p> <p>Tá an tAthrú Molta éagsúil le SPPR2. Go sonrach, éilíonn na beartais mholta E-P-23 agus E-P-24 san Athrú go mbeidh fad leagan siar deich n-oiread airde an tuirbín idir gach uile thuirbhín agus an chuid is gaire de chúirtealaiste aon áit chónaí thart timpeall ar an fhorbairt mholta chun críche an radhairc, agus torann agus scáil faoi seach.</p> <p>Tá na beartais seo ag teacht le cinntí beartais a chomhaontaigh Comhairle Contae Dhún na nGall faoi dhó: {a} Meitheamh 2014 (Athrú 2 [Fuinneamh Gaoithe] le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2021-2018): {b} Bealtaine, 2018 (Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024) i ndiaidh comhairliúchán leitheadach agus teagmháil le Baill, leis an phobal, leis an Roinn agus le Feidhmeannas na Comhairle. Rinneadh na cinntí seo le haird ar threoirilnte náisiúnta mar a bhí</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p data-bbox="909 272 1346 329">bhfeidhm a sháraíonn na riachtanais seo chun críche radhairc.</p> <p data-bbox="1398 272 1881 605">san am, agus i bhfianaise dhearcadh mhuintir Dhún na nGall a bhfuil na Comhairleoirí mar ionadaithe acu, agus chun cosaint a dhéanamh ar thimpeallacht agus ar éiceolaíocht an Chontae. Baineann an cinneadh reatha le dúshlán an Aire don Athrú luaite de chuid 2014 agus le torthaí ó chigire neamhspleách a ceapadh chun an tAthrú sin a athbhreithniú, mar a leanas</p> <ul data-bbox="1419 630 1881 979" style="list-style-type: none"> <li>• Ní hamhlaidh nach raibh dóthain airde ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar na haighneachtaí a rinne an tAire i mBealtaine 2014;</li> <li>• Ní raibh tionchar suntasach ag Athrú uimhir 2 ar chomhtháiteacht inmheánach Phlean Forbartha an Chontae; agus</li> <li>• Níor fhág sé go raibh míréir idir an plean forbartha agus an beartas náisiúnta.</li> </ul> <p data-bbox="1398 1019 1881 1206">Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur fad cothrom é deich n-oiread airde na dtuirbiní go háirithe agus ar scála agus ar mhéid nár ceapadh nuair a foilsíodh na chéad treoirlínte fuinnimh gaoithe in 2006.</p> <p data-bbox="1398 1214 1881 1365">Tá tuirbiní anois timpeall 160m ar airde agus an acmhainn ann go mbeidh siad níos airde fós amach anseo. Bhí plean ar an Charraig Dhubh i nGleann Fhinne ar mhol tuirbiní a bhí 156.5m ar airde.</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>Rinneadh comhairliúchán leitheadach leis an phobal agus léiríodh go bhfuil deich n-oiread airde an tuirbín mar rogha ag mórchuid an phobail i nDún na nGall a mbeadh na tuirbíní seo ag baint dóibh.</p>
4	<p>Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.1 Cúlra Lch 151</p>	Téacs le leasú	<p>Ullmhaíodh an straitéis fuinnimh seo i gcomhthéacs na gcreataí beartais corparáideacha náisiúnta agus Eorpacha mar atá leagtha amach iontu seo a leanas: <b>Treoir um Fhuinneamh In-Athnuaite an AE, 2009; Páipéar Bán dar teideal 'Aistriú na hÉireann go Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin, 2015-2030 (nuashonraithe Meitheamh 2020); Plean Maolúcháin Náisiúnta, 2018 (DCCA); Creat Pleanála Náisiúnta agus Plean Forbartha Náisiúnta Feabhra 2018 (DHPLG); Plean Oiriúnúcháin Náisiúnta, Eanáir 2018 (DCCA); Plean Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030; agus Plean Gnímh don Aeráid an Rialtais 2021.</b> Ullmhaíodh an straitéis fuinnimh seo i gcomhthéacs na gcreataí beartais corparáideacha náisiúnta agus Eorpacha mar atá leagtha amach in: 'Treoir Fuinnimh In-athnuaite an AE, 2009'; agus an 'Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020' de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha, an Páipéar Bán dar teideal 'Aistriú na hÉireann go dtí Todhchaí Fuinnimh Íseal ar Charbóin, 2015-2030'. Plean Gnímh Náisiúnta Fuinneamh In-Athnuaite 2010 an Rialtais (Aighneacht Rialtas na hÉireann chuig an Choimisiún Eorpach) ina leagtar amach spriocanna náisiúnta na hÉireann le giniúint idió fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite go dtí 2020 (mar a dhíorthaítear ó Threoir AE 2009/28). Sa chomhthéacs seo, tá oibleagáid dlí ar Éirinn a chinntiú gur ó fhoinsí in-athnuaite 16% ar a laghad den fhuinneamh ar fad a úsáidtear sa stát faoi 2020. In Éirinn, tá sprioc 40% socraithe ag an rialtas maidir le húsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020, le cois sprioc 10% in earnáil an iompair agus 12% de theas in-athnuaite faoi 2020.</p> <p>'Straitéis um Fhuinneamh In-Athnuaite 2012-2020' ina n-aithnítear gur ag croí polasáí foriomlán an fuinnimh in Éirinn atá forbairt fuinneamh in-athnuaite, óir tá d'fhéidearthacht leis nach mbeifear ag brath a oiread céanna ar bhreoslai iontaise; go bhfeabhsófar slándáil soláthair; agus go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa, rud a chruthóidh sochair thimpeallachta agus poist ghlasa sa gheilleagar agus a chuirfidh le hiomaíochas náisiúnta</p>



Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>Tá geallta ag an Rialtas go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na laghduithe CO2 a bhaint amach a leag síos an tAE agus teacht leis na gealltanais idirnáisiúnta. Tá imlíne sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021(DCCA) ar chonair chun laghdú 51% a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa na hÉireann a fhad le 2030, le tacar beart lena n-áirítear gur ó fhoinsí in-athnuaite a ghnifear 80% de leictreachas na Tíre.</p> <p>Tá in Tionscadal Éireann 2040, ollbheartas an rialtais maidir le tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn, idir an Creat Pleanála Náisiúnta 2018 (NDP) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (NDP). Aithnítear san NDP an tábhacht leis an athrú aeráide i dToradh Straitéiseach Náisiúnta 8 (NSO8), agus a chinntiú go n-aistrefar go Sochaí Ísealcharbóin Athléimneach ó thaobh na hAeráide de', agus i gCuspóir Beartais Náisiúnta 5, a fhéachann le 'húsáid agus le giniúint an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú in áiteann oiriúnacha sa timpeallacht thógtha agus nádúrtha, chun cuspóirí náisiúnta a bhaint amach maidir le geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2050'; áirítear sa NDP 'gníomhú aeráide' ar cheann de na tosaíochta infheistíochta ann. Tugann an Plean Fuinnimh agus Gníomhaithe Aeráide Náisiúnta (NECP) 2021-2030 san áireamh beartais fuinnimh agus aeráide, an leibhéal fás a bheidh ar an daonra agus ar an ngeilleagar a aithníodh sa NPF agus áirítear ann gach beart aeráide agus fuinnimh atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.</p> <p><del>Leagan na doiciméid seo amach creat chun beartas fuinnimh idir anois agus 2030 a threorú, leis an aidhm aschur fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú de réir cuspóir an AE de shocháí íseal ar charbón faoi 2050.</del></p> <p>Aithníonn an Chomhairle freisin Straitéis Eirgrid 2020-2025, dar teideal 'Transform the Power System for Future Generations' a leagann amach pleananna le haghaidh fás measta 25% ar éileamh leictreachais faoi 2025, in éineacht le cuspóir glanastaíochtaí nialasacha carbóin a bhaint amach faoi 2050.</p> <p><del>straitéis Eirgrid (an tOibreoir Tarchuir Leictreachais neamhspleách)<sup>14</sup> ina bheartaítear gur féidir leis an Iarthuaisceart teacht chun a bheith ina casportálaí glan cumhachta</del></p>

<sup>14</sup> Eangach s'agatsa: Straitéis Forbartha Eangaigh na hÉireann 2017.

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>go dtí an chuid eile den oileán, a spleáchas ar sholáthar ón dtaobh amuigh á laghdú. Cuireann an straitéis méadú ar an soláthar cumhachta chun cinn chun freastal ar infheistíocht eacnamaíochta todhchaí sa Chontae agus tuilleadh a mhealladh sa todhchaí. Beartaíonn sé infheistíocht bhreise de thart ar €750m a dhéanamh san Iarthuaisceart chun uasghrádú a dhéanamh ar bheagnach 700 km den ghréasán tarchurtha reatha agus chun ciorcaid nua a thógáil, lena n-áirítear treisiú 110 kV idir na Cealla Beaga (stáisiún an Bhinn Bhán) agus Leitir Ceanainn agus tuilleadh comhtháthaithe idir gréasáin Dhún na nGall agus Thuaisceart Éireann. Beidh tionchar ag infheistíocht leanúnach sna gréasáin agus sa bhonneagar leictreachais ar theacht aniar fuinnimh sa todhchaí.</p> <p><b>Fuinneamh Gaoithe</b> <b>Comhthéacs</b></p> <p>Tá na beartais fuinnimh gaoithe laistigh den phlean seo ag teacht leis an gclár beartas fuinnimh corparáideach náisiúnta agus Eorpach níos leithne. Aithnítear in Tionscadal Éireann 2040 (Plean Forbartha Náisiúnta 2018-202) an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin athléimneach ó thaobh carbóin de mar thoradh straitéiseach rithábhachtach. Aibhsíonn Toradh Straitéiseach 8, Aistriú go Sochaí Ísealcharbóin Athléimneach ó thaobh carbóin de' a lárnaí atá seo i nach cuid den bheartas spásúil, agus tá sé aitheanta mar cheann de na Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta. Tagraítear don fhuinneamh in-athnuaite agus go sonrach don fhuinneamh gaoithe maidir leis seo. Tá athinsint sa Chreat Pleanála Náisiúnta ar Chuspóirí Inbhuanaithe na NA: 7 Fuinneamh Glan Inacmhainne; agus 13, Gníomhú Aeráide. Tá siad seo tras-suite isteach i gCuspóirí Beartais Náisiúnta 53 agus 55 a thacaíonn a mbeirt le húsáid mhéadaithe inbhuanaithe an fhuinnimh in-athnuaite. cuireann an Creat Pleanála Náisiúnta atá ag teacht chun cinn, béim freisin ar na saincheisteanna criticiúla a bhaineann le fuinneamh. Tugann an páipéar 'Achoimre Feidhmeach: Saincheisteanna agus Roghanna (Feabhra 2017)' ar aird go bhfuil: 'An fuinneamh...criticiúil chun tacú le fás todhchaí na hÉireann'.</p> <p>Ar aon dul leis sin, tugtar le fios sa Straitéis Spásúil agus Eacnamúil Réigiúach (RSES) 2020-2032 do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iar-Thuaiscirt, go bhfuil béimh leanúnach ar sholáthar an fhuinnimh inbhuanaithe laistigh d'Uaillmhian Fáis 5.</p> <p>Ar an gcaoi chéanna, léiríonn réamhthráchtairacht maidir leis an Straitéis Eacnamaíochta agus Spásúla Réigiúnach (RSES) atá le teacht, béim leanúnach ar</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p><del>sholáthar fuinnimh inbhuanaithe chun spriocanna fuinnimh Náisiúnta, Eorpacha agus Idirnáisiúnta a chomhlíonadh.</del></p> <p>Ó thaobh luas na gaoithe agus comhsheasmhachta, tá Dún na nGall lonnaithe go hidéalach ar chósta Atlantach an Iarthuaiscirt agus tá an buntáiste á bhaint cheana féin as an acmhainn fuinnimh ghaoithe seo go céim shuntasach. Mar sin gineann Dún na nGall aschuir fuinnimh ghaoithe suntasach cheana féin le hais contaetha eile in Éirinn agus is onnmhaireoir fuinnimh é, ainneoin an bhonneagair theoranta greille leictreachais atá ar fáil sa Chontae agus ainmnithe oidhreacht agus timpeallachta suntasacha a chlúdaíonn aon trian den Chontae. Tá sé dúshlánach mar sin cur chuige cothromaithe a bhaint amach maidir le haithint suíomhanna oiriúnacha eile nach mbainfidh ó acmhainn scéimhe agus timpeallachta an Chontae.</p> <p>Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall an tábhacht atá le fuinneamh gaoithe mar fhoinsé fuinnimh in-athnuaite a dtig leis ról lárnach a bheith aige maidir le cuspóirí náisiúnta a bhaint amach i dtaca le laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus dá réir sin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.</p> <p>Ullmhaíodh cur chuige na Comhairle maidir le fuinneamh gaoithe agus aird á tabhairt ar na Treoirínte maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe, 2019 DHPLG a leagann amach go soiléir cuspóirí na hÉireann tacú le hoibleagáidí idirnáisiúnta a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an fhuinneamh in-athnuaite chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Cé go bhfuil an tábhacht tabhairt faoin athrú aeráide chun tosaigh go mór sa bheartas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus sa ghealltanas atá ag an rialtas spriocanna a bhaint amach mar a pléadh thuas, tá an tiomantas ann seo a dhéanamh ar bhealach cothrom; luaitear sna Treoirínte maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe nach mór don phlean forbartha cothromaíocht réasúnta a bhaint amach idir freagairt do Bheartas an Rialtais maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite ar thaobh amháin agus ar an taobh eile leas a bhaint as acmhainní fuinnimh ghaoithe cheantar an údarais phleanála ar bhealach atá i gcomhréir leis an dea-phleanáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus tuairimí dlísteanacha an phobail áitiúil a chur san áireamh.</p>

		<p>I Léarscáil 8.2.1 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe' ainmnítear ceantair a mheastar atá oiriúnach nó neamhoiriúnach le haghaidh na forbraíochta fuinnimh gaoithe sa Chontae. Táthar i ndiaidh na ceantair seo a aithint trí anailís criatharléarscála céim ar chéim mar bhunús leis an léarscáil a chruthú, agus anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na leochaileachtaí timpeallachta agus ar acmhainn fuinnimh ghaoithe an Chontae (de réir na nDréacht-Treoirlínte maidir le Forbraíocht Fuinneamh Gaoithe 2019) faoi réir ag na leasuithe a rinneadh le rún na Comhairle (féach Ráiteas Roinn 28). Sa chás go mbeidh míréir idir Léarscáil 8.2.1 agus na cuspóirí agus beartais scríofa atá sa Phlean, is ar an téacs scríofa a dhéanfar breithniú agus beidh tús áite aige de rogha ar Léarscáil 8.2.1.</p> <p><del>Ullmhaíodh cur chuige na Comhairle maidir le fuinneamh gaoithe agus aird á thabhairt ar na Treoirlínte Pleanála maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe, 2006—a ullmhaíodh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (mar a bhí). Cuireadh leis an athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais a threoraíonn táirgeadh fuinnimh ghaoithe leis an mbonn fianaise ar chuid den phróiseas measúnachta sainghné tirdhreacha, choimisiúnaigh an SEAI na tuarascálacha 'Examination of the Significance of Noise in Relation to Onshore Wind Farms' Marshall Day Acoustics. (Samhain 2013), agus 'Preliminary Report on Wind Turbine Noise Modelling RPS (Márta 2015),' tionscadal Interreg Iva Chomhairle Chontae Dhún na nGall, 'Practical Implementation of Freshwater Pearl Mussel Measures' tuarascáil 'Windfarm Development Guidance — An Dr. Tony McNally (Meitheamh 2014), tuarascálacha Eirgrid, 'All Island Ten Year Transmission Forecast Statement 2015' agus 'Generation Capacity Statement 2017-2026'.</del></p> <p>Ag éirí as an bpróiseas seo, agus de réir Bheartas E-P-12 agus Léarscáil 8.2.1 agus an chuid maidir le 'Fuinneamh Gaoithe' in Aghuisin 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Roinn B, Cuspóirí agus Beartais an Phlean. Aithníonn an Plean an réimse polasaí seo a leanas <b>na sonrúcháin mar mheán le socrú a dhéanamh faoi inghlacthacht nó neamh-inghlacthacht</b> forbairtí feirme gaoithe <del>na</del> beartaithe. agus athruithe ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana sa Chontae</p> <p>(a) <b>Inghlactha i bPrionsabal</b> Beidh forbraíochtaí feirmeacha gaoithe inghlactha go ginearálta sna ceantair seo.</p>
--	--	--

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>(b) <b>Ar fáil lena mbreithniú</b> Is féidir go ndéanfaí breithniú faoi fhorbraíochtaí feirmeacha gaoithe sna ceantair seo.</p> <p>(c) <b>Ní bheadh cead de ghnáth</b> Ar aon dul leis an dá shonrúchán eile, aithníodh na ceantair seo de bhun anailís chuimsitheach ar na leochaileachtaí timpeallachta agus acmhainn gaoithe an Chontae. De bhun an tsocrúcháin seo, agus i gcomhréir le treoirilinte náisiúnta, bíonn sé le tuiscint nach dtabharfaí cead de ghnáth don chuid is mó d'fhorbraíochtaí feirmeacha gaoithe. Ba chóir go mbeadh feidhm aige seo go háirithe i dtaca le moltaí faoi shuíomhanna nár forbraíodh roimhe lena n-áirítear suíomhanna a bhfuil cead nár feidhmíodh ag baint leo (agus nach ndearnadh oibreacha suntasacha iontu). Mar sin féin, agus maidir le measúnachtaí agus socruithe pleanála a rinneadh roimhe seo agus an infheistíocht atá déanta, is é an dearcadh atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall gur chóir go mbeadh cur chuige níos cothroime ann nuair a bheifí ag plé le moltaí feirmeacha gaoithe san áit sna ceantair seo ina bhfuil, b'fhiú a rá, stair an-láidir pleanála cheana féin. Tagraíonn sin do na catagóirí seo a leanas: Feirmeacha Gaoithe atá ann cheana; Forbraíochtaí atá á dTógáil; Forbraíochtaí inar imigh an Cead i léig ach a bhfuil Oibreacha Suntasacha déanta iontu; Suíomhanna a bhfuil Cead Beo iontu ach nár tosaíodh cheana. Dá leithéidí sin de shuíomhanna, meastar gur réasúnta breithniú a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh cur leo, iad a uasghrádú agus a fheabhsú orthu, de réir na sonraí atá leagtha amach i mBeartas E-P-12 thíos.</p> <p><del>(1) 'Ar Fáil lena mBreithniú': Laistigh de na suíomhanna seo féadtar forbairtí feirme gaoithe a bhreithniú, faoi réir comhlíonadh cuspóirí agus beartais eile an Phlean. Tá na ceantair seo ar fáil lena mbreithniú do thograí fuinnimh ghaoithe cuí. Aithníodh iad ag féachaint do raon fachtóirí, lena n-áirítear féidearthacht fuinnimh ghaoithe (trí atlas luas gaoithe <a href="http://www.seai.ie">www.seai.ie</a>), naisc ghreille atá ann cheana, naisc ghreille bheartaithe, ainmnithe oidhreachtá nádúrtha agus íogaireacht tírdhreacha, bonneagar bóithre agus áit ar féidir coinbhleacht ionchasach le hainmnithe oidhreachtá nádúrtha a bhainistiú go héifeachtach.</del></p> <p><del>(2) 'Inghlactha do mhéadú/feabhsúcháin ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana': Laistigh de na suíomhanna seo bheadh forbairt feirme gaoithe doghlactha seachas mar mhéadú nó feabhsúcháin ar fhorbairt feirme gaoithe atá ann cheana faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartais eile an Phlean.</del></p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p><del>Aithníonn an Chomhairle na deiseanna ag éirí as úsáid tuirbiní níos éifeachtaí ar fheirmeacha gaoithe seanbhunaithe, mar go ngineann siad torthaí fuinnimh i bhfad níos mó in aghaidh an tuirbin, riachtanas tuirbiní breise á laghdú ar an mbealach seo. I bhformhór na geásanna tá an bonneagar, na bóithre, talamh crua, tuirbiní, fo-stáisiún agus claíocha ann cheana, mar sin níor chóir go mbeadh ach tionchar teoranta breise ann. Déanfar forbairtí fuinnimh ghaoithe laistigh de na ceantair seo a bhreithniú faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an Phlean.</del></p> <p><del>(3) ‘Gan a bheith inghlactha’: Suiomhanna nach mbeadh Forbairt Feirme Gaoithe inghlactha iontu.</del></p> <p><del>Aithníodh ceantair nach mbeadh tograí fuinnimh ghaoithe inghlactha iontu ag féachaint dá srianta suntasacha tírdhreacha, oidhreacht agus timpeallachta. Áirítear orthu seo: Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) agus Limistéir Chosanta Speisialta (láithreáin Natura 2000), Ceantair Oidhreacht Nádurtha, ceantair a aithníodh mar mheán agus ardíogaireacht tírdhreacha, ceantair Diúilicín Péarla Fionnuisce lena n-áirítear na habhantraí arna n-aithint i bPleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí don Chláidigh, Eske, Glaskeelin, Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia (mar atá liostaithe in I.R. S.I. 296 de 2009), radhairc agus amhairc thábhachtacha, i measc nithe eile. Meastar nach bhfuil aon acmhainn ag na ceantair seo d’fhorbairt fuinnimh ghaoithe.</del></p> <p>Leagtar amach i gcuspóirí agus i mbeartas na Roinne seo den Phlean creat leathan lena féidir gach moladh ar fheirm ghaoithe a bhreithniú. Mar sin féin, aon mholadh aonair ar fheirm ghaoithe ar dócha go mbeidh saincheisteanna faoi i dtaca le forálacha eile sa Phlean seo, beidh ceangal orthu sin comhlíonadh a dhéanamh ar gach uile cuspóir agus gach uile bheartas eile bainteach san Phlean seo.</p> <p>Taobh istigh de gach ceann de na limistéir ainmnithe fuinnimh ghaoithe ar Léarscáil 8.2.1, agus ar feadh na teorann idir na hainmniúcháin, is féidir go mbeidh ceantair bheaga ann nach dtiocfaidh go díreach le cuspóir an ainmniúcháin. Déanfar breithniú ceann ar cheann ar na haimhrialtachtaí seo agus i gcomhthéacs cuspóirí agus bheartais eile an Phlean seo, sa chás go ndéanfar iarratas a bhainfeadh dóibh seo. Is ar an iarrthóir a bheidh an dualgas an chás a dhéanamh nach bhfuil an suíomh ag teacht le tréithe an ainmniúcháin ina bhfuil sé lonnaithe, ach ar deireadh thiar is faoin Údarás Pleanála a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis na gnóthaí seo.</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
5	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais Lch 155	Téacs le leasú	<b>Fuinneamh Gaoithe</b> Chomh maith leis an gcreat beartais thíos luaite, beidh sé mar chleachtas ag an Chomhairle, de réir Airteagal 22A den na Rialacháin Pleanála agus Forbraíochta 2001 (mar a leasaíodh) ceangal a chur ar gach uile fhorbróir feirme gaoithe Tuarascáil Phobail a chur isteach lena iarratas pleanála, a bheidh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha in 'Cód Cleachtais d'Fhorbairt an Fhuinnimh Ghaoithe in Éirinn, Treoirlínte don Teagmháil Phoiblí'; An Roinn Chumarsáide, Gníomhaithe Aeráide agus Comhshaoil (Nollaig 2016). spreagfaidh an Chomhairle freisin gach forbróir fuinnimh ghaoithe chun a bheith páirteach i gcomhairliúchán réamhphleanála leis an Údarás Pleanála maidir le tograí forbartha. Spreagfar forbróirí freisin chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil chun ionchas do leas an phobail áitiúil a d'fhéadfadh a cascairt a fhiosrú agus/nó socrúithe d'infheistíocht ón bpobal áitiúil.
6	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2. Cuspóirí Lch 154	Leasaigh E-O-1	E-O-1: <del>Punann</del> <b>Soláthar</b> fuinnimh in-athnuaite éagsúil agus slán a fhorbairt le freastal ar éilimh agus caipitliú ar bhuntáiste suimh iomaíoch an Chontae.
7	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.2 Cuspóirí Lch 155	Cuspóir nua E-O-7 a chur isteach	<b>Cuspóir E-O-7</b>  Dícheall acmhainne a bhaint as foinsí fuinnimh gaoithe cheantar an údaráis pleanála, ar aon dul le tacaíocht don fhorbairt atá de réir na pleanála cuí agus na forbraíochta inbhuanaithe.
8	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais Lch 156	Beartas E-P-12 le cealú	<del>Is beartas de chuid na Comhairle é:</del> <del>Forbairtí fuinnimh ghaoithe nua cuí laistigh de na ceantair a aithníodh mar 'Ar fáil lena mBreithniú' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1 a bhreithniú, faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas ábhartha eile atá sa Phlean seo.</del> <del>Méadú, uasghrádú agus feabhsúchán forbairtí feirme gaoithe atá ann cheana laistigh de cheantair a aithníodh mar 'Inghlactha do mhéadú/feabhsúcháin ar fheirmeacha gaoithe atá ann cheana' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1 a bhreithniú ar bhonn cás ar chás faoi réir chomhlíonadh gach cuspóir agus beartas ábhartha eile atá sa bPlean seo agus an méid seo a leanas:</del>  (a) <del>Athchumhachtú</del>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>Is éard is athchumhachtú ann ná tuirbíní nua a chur in áit na sean cinn a bhfuil tuilleamh níos mó nó éifeachtacht níos fearr acu. Is é an toradh a bhíonn ar sin ná glanmhéadú ar an gcumhacht a ghintear. Féachann athchumhachtú chomh maith le saolré foriomlán na forbartha a leathnú. Ní thiochfaidh glanmhéadú ar líon na dtuirbíní mar thoradh ar thograí athchumhachtaithe, agus léireofar nach bhfuil aon drochthionchar aige ar an timpeallacht fála; nó</p> <p>(b) <b>Leathnú</b>  Limistéir atá suite lasmuigh de láithreáin Natura 2000, déanfar tograí ar leathnú a dhéanamh ar fheirm ghaoithe atá ann cheana (suas le 20% ó thaobh líon ceadaithe tuirbíní nó i gcásanna ina gceadaítear 5 nó níos lú tuirbín ar fheirm ghaoithe, tuirbin amháin sa bhreis) a bhreithniú. Beidh ar an togra a léiriú go bhféadfaidh an bonnagar atá ag freastal ar an bhforbairt reatha freastal ar na tuirbíní breise; nó</p> <p>(c) <b>Athiarratas</b>  Limistéir atá suite lasmuigh de láithreáin Natura 2000, sa chás ina bhfuil feirm ghaoithe atá ann cheana féin ceadaithe agus go bhfuil an cead sin in éag, déanfar togra athbhreithnithe a chur san áireamh laistigh d'aonad pleanála na forbartha a ceadaíodh roimhe sin, agus sa chás ina dtaispeántar nach bhfuil aon glanmhéadú ar thuirbíní.</p> <p>Gan tograí fuinnimh ghaoithe a bhreithniú go fabhrach sna ceantair sin a aithníodh mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar an Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe 8.2.1.</p>
9	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-12 a chur isteach	<p><b>E-P-12:</b> Is beartas de chuid na Comhairle é go socrófar prionsabal na hinghlacthachta nó eile maidir le forbraíochtaí gaoithe de réir na 3 réimse a sainiú i Léarscáil 8.2.1 'Fuinneamh Gaoithe' agus na sainriachtanais a bhaineann le bithéagsúlacht atá sonraithe anseo thíos:</p> <p>1. <u>Limistéir i Léarscáil 8.2.1 Fuinneamh Gaoithe:</u></p> <p><b>(a) Inghlactha i bPrionsabal</b>  Beidh forbraíochtaí feirmeacha gaoithe inghlactha go ginearálta sna ceantair seo.</p> <p><b>(b) Ar fáil lena mbreithniú</b></p>



Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>Is féidir go ndéanfaí breithniú faoi fhorbraíochtaí feirmeacha gaoithe sna ceantair seo.</p> <p><b>(c) Ní bheidh cead de ghnáth</b></p> <p>(i.) ní thabharfar cead de ghnáth do mholtaí ar fheirmeacha gaoithe ar shuíomhanna nár forbraíodh cheana, lena n-áirítear suíomhanna le cead a chuaigh i léig (agus nár tugadh faoin oibreacha suntasacha);</p> <p>(ii.) Beidh breithniú indéanta ar oibreacha a fheabhsaíonn, a uasghrásaíonn nó a chuireann lena leithéidí seo a leanas: feirmeacha gaoithe atá ann cheana; feirmeacha gaoithe atá á dtógáil; forbraíochtaí inar ligeadh an cead i léig ach a bhfuil obair shuntasacha curtha i gcrích iontu, nó ar shuíomhanna le cead pleanála reatha, ach sa chás amháin go mbeidh baint ag moltaí dá leithéid le hAONAD PLEANÁLA na forbraíochta beartaithe.</p> <p>2. Sainriachtanais a bhaineann le Bithéagsúlacht:</p> <p><b>a) Cailiteanas gnáthóg a bhfuil nasc feidhmiúil eatarthu</b> Ní mór d'fhorbróirí moltaí fuinnimh gaoithe ar láithreáin neamhfhorbartha measúnú réamhthógála a dhéanamh ar ghnáthoga. Sa chás go mbeidh gnáthoga ann a bheidh fóirsteanach do speicis éin atá faoi chosaint ag Caomhnú Speisialta, beidh ar fhorbróirí tabhairt faoi shuirbhéanna réamhthógála chun a dhearbhu cé acu atá líon suntasach éan sa ghnáthóg (1% de phobal SPA, go hiondúil, nuair a dhéantar an t-ainmniúchán), nó nach bhfuil. Ag brath ar cé acu éin ghoir nó éin imirce gheimhridh atá sa speiceas éan cáilitheach, beidh gá suirbhé a dhéanamh sa séasúr goir nó sa gheimhreadh (Deireadh Fómhair go Márta). Más gnáthóg é láithreán ar nasc feidhmiúil é, beidh gá le bearta seachanta/maolúcháin agus beidh sain-Mheasúnú Cuí ag teastáil mar thacaíocht leis an mholadh.</p> <p><b>b) Mortlaíocht as imbhualladh le tuirbiní gaoithe ar obair</b> Léireodh moltaí ar fhorbraíocht fuinnimh gaoithe gur féidir iad a sholáthar gan tionchar diúltach a bheith acu ar iontaofacht na láithreán Eorpach. Beidh gá le suirbhéanna ó phointí radhairc leis na nithe seo a</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>dhéanamh amach a) oiread a úsáideann éin faoi Chaomhnú Speisialta an láithreán agus b) mionsonraí breise faoin oiread úsáide a bhaineann éin faoi Chaomhnú Speisialta as an cheantar faoi raon na dtuirbíní, agus sonraíochtaí faoi leith san áireamh mar atá airde an tuirbín, fad na lainne, luas rothlaithe naoisilí agus an líon tuirbíní. Ní mór bearta maolúcháin a chur ar fáil lena chinntiú go seachnófar nó go laghdófar aon rioscaí a bheadh ann.</p> <p><b>c) Díláithriú ó Chorraíl</b> To avoid potential permanent disturbance displacement impacts on Special Conservation Interest bird species, Donegal County Council will generally not support wind energy proposals within 1km of Special Protection Areas unless clear evidence from the applicant or scheme promoter can demonstrate no adverse effect on site integrity will arise. Sa dóigh go seachnófar aon tionchair maidir le díláithriú ó chorraíl ar speicis faoi Chaomhnú Speisialta, ní iondúil go dtabharfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall tacaíocht do moltaí ar fhuinneamh gaoithe níos gaire ná 1 km ó Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta, ach amháin sa chás go dtig leis an iarratasóir nó an té atá ag cur na scéime chun cinn a léiriú go soiléir nach dtiocfaidh aon dochar ar iontaofacht na háite.</p> <p><b>d) Cáilíocht Uisce</b> Ní mór d'aon fhorbraíocht fuinnimh gaoithe faoi 1 km de SPA/SAC íogair a chinntiú go ndéanfar measúnú agus maolúchán, sa chás gur gá, ar thionchair ar cháilíocht uisce. Is féidir go mbeadh na bearta seo a leanas i gceist, i measc beart eile: staidéir bonnlíne cáilíochta uisce, múnlú láistáite/eisileadh, Pleananna Bainistithe Timpeallachta sa Tógáil (CEMP) agus Pleananna Bainistithe Uisce (WMP) agus dea-chleachtas an tionscail a chomhlíonadh.</p>
10	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas E-P-13 le leasú	Laistigh de na limistéir arna n-aithint mar ' <b>Inghlactha i bPrionsabal</b> ' agus 'Ar fáil lena mBreithniú' ar Léarscáil 8.2.1, Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt feirmeacha gaoithe pobail/comharchumainn a spreagadh chun cur ar chumas pobal a leictreachas, ioncaim féin a ghiniúint, agus barrachas a dhiol ar ais ar an ngréille, de

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
	Lch 156		réir cuspóirí agus beartas eile an Phlean seo agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.
11	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais Lch 157	Beartas E-P-16 le cealú	<del>Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le treisiú agus feabhsú cumais feirmeacha gaoithe atá ann cheana, laistigh den chumas timpeallachta áitiúil lena n-áirítear uasghrádú/ athsholáthar inbhuanaithe tuirbíní níos sine le múnlaí níos nuaf agus níos éifeachtaí.</del>
12	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-16 a chur isteach	<b>Beartas E-P-16:</b> Is beartas de chuid na Comhairle é: (a.) gan cead pleanála a thabhairt do chrainn úra measta gaoithe ach amháin i gceantair atá sannta mar 'Inghlactha i bPrionsabal' nó 'Ar fáil lena mBreithniú'.
13	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-22 a chur isteach	<b>Beartas E-P-22:</b> Is é beartas na Comhairle a chinntiú go bhfuil na nithe a leanas déanta ag lucht molta na dtionscadal fuinnimh gaoithe:  a. Tá siad i ndiaidh comhairliúchán ceart stuama a dhéanamh leis an phobal áitiúil agus gur éascaigh siad don phobal a bheith rannpháirteach maidir le forbairt a dhéanamh ar a gcuid moltaí; agus b. Tá sé léirithe acu cad é mar a bheidh an fhorbraíocht mholta ina leas buan eacnamaíoch do na pobail lena mbaineann, tríd an úinéireacht/infheistíocht phobail, nó leas nó íocaíocht den chineál, nó eile.  Beidh Tuarascáil Phobail in éineacht le gach Iarratas den chineál seo, de réir na dTreoirínte Fuinnimh Gaoithe 2021, agus beidh sin mar chuid riachtanach d'aon iarratas faoi réir 22A den Acht um Pleanáil agus Forbraíocht 2000 (mar a leasaíodh).
14	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-23 a chur isteach  Agus 'Sainmhíniú' nua a chur isteach	<b>E-P-23</b> Tá na nithe a leanas mar bheartas ag an Chomhairle maidir le forbraíochtaí feirmeacha gaoithe:  (1) (i) Ní bheidh siad suite sna háiteanna a leanas: (a) i gcrios amharcthionchair Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheithe;

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>(ii) Ná cuirtear iad laistigh de na limistéir seo a leanas, faoi réir na n-eisceachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann leagtha amach in Polasaí E-P-12(1)(c)(ii.).</p> <p>(b) Abhantrach Ghaoth Beara;</p> <p>(c) Limistéir 'Sárscéimhe' de réir Léarscáil 7.1.2 'Scéimh';</p> <p>(d) Dobharcheantair Diúilicíní Fionnuisce; agus</p> <p>(e) Rinn Theach Eoin.</p> <p>(2) Ní mór dóibh:</p> <p>a. Na riachtanais agus na caighdeáin a chomhlíonadh atá leagtha amach i dTreoirínte Forbraíochtaí Fuinnimh Gaoithe DEHLG 2021, nó aon Treoirínte bainteacha; agus</p> <p>b. A chinntiú go mbeidh fad ionann is deich n-oireard airde na dtuirbíní molta ón chuid is gaire de chúirtealáiste aon áit chónaí nó aon ionad eile ina bhfuil cónaí daonna. Is féidir go mbeidh eisceacht ann, agus fad níos gaire ó ionaid reatha nó cheadaithe cónaí nó aon áitreabh leochaileach eile, sa chás go bhfuil úinéir(i) agus lucht cónaí na n-áitreabh sin toilteanach chuige sin agus sa chás go mbeifear ag comhlíonadh na riachtanas maidir le torann atá sna Treoirínte Fuinnimh Gaoithe ábhartha. Ina leithéid sin de chásanna eisceachtúla, ní mór do na páirtithe dearbhú i scríbhinn a chur ar fáil a shásóidh an tÚdarás Pleanála go bhfuil comhaontú ann faoin leagan siar laghdaithe, agus nach bhfuil aon rud acu i gcoinne na forbartha molta fuinnimh gaoithe.</p> <p>(3) Beidh glacadh leo, faoi réir comhlíonadh fo-ailt (1) agus (2) thuas agus aon bheartas ábhartha eile sa Phlean seo, sa chás gur baineadh amach fad deich n-oiread airde na dtuirbíní molta ón chuid is gaire de chúirtealáiste na n-áitreabh cónaí agus aon ionad eile ina bhfuil cónaí daonna.</p> <p>I ngach uile chás, bíodh siad i gceantair 'Inghlactha i bPrionsabal', 'Ar fáil lena mBreithniú' nó 'Ní bheadh ceadaithe de Ghnáth', éileofar go gcloífear leis na faid riachtanacha seo faoi bheartas E-P-23. I gcas tionscadal athchumhachtaithe nó méadaithe, beidh an fad leagan siar ar comhfhad leis an iolraí riachtanach ar airde an</p>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>tuirbín nua agus ní bheidh aon scaoilteacht ann maidir leis seo don fhorbairt bhunaithe.</p> <p><b><u>Sainmhínte</u></b></p> <p><b>Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha:</b> Crios Amharcthionchair: Is ionann carachtar timpeallachta agus físiúil Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus achar tíre na páirce agus máguaird. Níor chóir go dtuigfí go mbeadh feidhm ag an bheartas le tailte nach bhfuil ach nasc teoranta físiúil nó físiúil leis an pháirc. Is ar an iarratasóir atá an dualgas a léiriú cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an Pháirc Náisiúnta ag an fhorbraíocht mholta fuinnimh gaoithe</p> <p><b>Ionad Cónaí Daonna:-</b> Cuimsítear le 'Ionad Conaí Daonna' scoileanna, otharlanna, eaglaisí, foirgnimh chónaí</p> <p><b>Cúirtealáiste:</b> Limistéar thart timpeall ar áitreabh nó díreach in aice leis a úsáidtear in éineacht leis an áitreabh, seachas aon chuid den limistéar sin ar áit phoiblí é. (Ón Acht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais), 2011).</p>
15	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-24 a chur isteach	<b>Beartas E-P-24:</b> Is beartas de chuid na Comhairle é nach mór d'fhorbairtí fuinnimh gaoithe a chinntiú go mbeidh siad suite fad deich n-oiread airde na dtuirbíní molta, chun críche torainn agus scáile, ón chuid is gaire de chúirtealáiste aon áitreabh cónaí agus ionaid eile ina bhfuil cónaí ag daoine.
16	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-25 a chur isteach	<b>Beartas E-P-25:</b> Is beartas de chuid na Comhairle é go n-éileofar go réiteofar agus go bhfeidhmeofar go héifeachtach Pleananna Bainistithe Comhshaoil (EMPanna) chun bainistiú a dhéanamh ar thógáil, ar oibriú, ar chothabháil agus ar dhíchoimisiúnú feirmeacha gaoithe, agus a chinntiú gur féidir agus gur praiticiúil díchoimisiúniú, athchóiriú iaroibriúcháin agus athchóiriú gnáthóg nuair a bheidh feirmeacha gaoithe i ndiaidh dul as feidhm, agus nuair a stadann forbairt fuinnimh gaoithe de leictreachas a ghiniúint. Cuimseoidh EMPanna forálacha monatóireachta agus tuairiscithe agus bearta maolúcháin agus socruithe maidir le maoirseacht ar oibreacha tógála.

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
17	Cuid A Caibidil 8: Forbairt Acmhainní Nadúrtha Roinn 8.2.3 Beartais	Beartas nua E-P-26 a chur isteach	<b>Beartas E-P-26:</b> Is beartas de chuid na Comhairle é go mbeidh ‘Ráiteas Measúnaithe Riosca maidir le Seasmhacht Móna’ in éineacht le gach iarratas ar fhorbraíocht fuinnimh gaoithe atá le tógáil ar thalamh móna agus ar phortach, lena n-áirítear tionscadail athchumhachtaithe agus mhéadaithe
18	Cuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeán Theicniúla, 6.5 Fuinneamh Gaoithe Lch 203	Caighdeán Teicniúil le cealú	<del>6.5 — Caithfidh tuirbíní gaoithe na riachtanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sna Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe 2006 de chuid an DEHLG a chomhlíonadh, nó aon Treoirlínte gaolmhara ina dhiaidh sin agus anuas air sin ní chóir go mbeidís lonnaithe:</del>  <del>(a) — I gcrios tionchar amhairc (ZVI) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.</del> <del>(b) — Sa chrios tionchair/ruthag eitilte ag Aerfort Dhún na nGall.</del> <del>(c) — I gceantair atá aitheanta mar shuíomhanna nach mbeadh glacadh le forbairt feirme gaoithe iontu mar a aithnítear ar léarscáil 8.2.1, caibidil 8 den Phlean Forbartha Contae 2018-2024.</del> <del>(d) — I Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna) ná Limistéir Chosanta Speisialta (SPAanna)</del> <del>(e) — Sna 6 abhantrach Diúilicín Péarla Fionnuisce (I.R. 296 de 2009) atá le fáil i bPleananna Bainistíochta Abhantraí na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce maidir leis an gCláidigh, Eske, Glaskeelin, Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia.</del> <del>(f) — I slánachar atá deich n-uaire níos mó ná achar bharr na dtuirbíní beartaithe ó mhaoin chónaithe agus ó ionadh eile a bhfuil cónaí ag daoine iontu</del>
19	Cuid A Caibidil 7 An Oidhreacht Nadúrtha Roinn 7.13 Beartais Lch 139	Beartas NH-P-6 le leasú	Beartas NH-P-6: Is beartas de chuid na Comhairle é ceantair a aithníodh mar Sárscéimhe ar Léarscáil 7.1.1: ‘Taitneamhacht Scéimhe’ a chosaint. Ní dhéanfar ach forbairtí a measadh tábhacht straitéiseach a bheith leo laistigh de na ceantair seo nó forbairtí a soláthraíodh dóibh de réir beartais in áit eile sa Phlean seo. <b>Gan dochar do ghinearálacht an mhéid seo thuasluaite, ní bheidh glacadh le forbraíochtaí feirme gaoithe i Limistéir Ard-Sciámhacha seachas faoi:</b>

Tag	Mar a bhfuil sé sa phlean	Cineál an Athraithe	Athrú
			<p>(i.) na dálaí teoranta atá leagtha amach sa rannóg dar teideal: 'Comhthéacs Fuinnimh Gaoithe' (alt dar tús: 'I Léarscáil 8.2.1 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe' ainmnítear...') atá luaite i Leasú 4 thuas; agus</p> <p>(ii.) Na heisceachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann leagtha amach in Polasaí E-P-12(1)(c)(ii.)</p>

## 2.0 LÉARSCÁIL Nua Fuinneamh Gaoithe

Tábla 2: Léarscáil Nua an Fhuinnimh Ghaoithe

Tag	Léarscáil Nua	Commentary
20	Léarscáil 8.2.1 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe' a chur isteach	Tá Léarscáil 8.2.1, ag teacht in áit Léarscáil 8.2.1 a bhí fágtha ar lár roimhe seo de bhun Ordaithe de chuid na hArd-Chuirte a rinneadh ar an 5ú lá den tSamhain, 2018.

